



An Bhruiséil, 17 Eanáir 2019
(OR. en)

5166/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0158(COD)**

**CODEC 54
UD 8
WTO 5
CADREFIN 7
PREP-BXT 5
PE 2**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le taraif-chuótaí a áirítear i sceideal an Aontais i dtaca leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a chionroinnt tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle - Toradh an chéad léamh ag Parlaimint na hEorpa (Strasbourg, 14 – 17 Eanáir 2019)

I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta¹, bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin sainchomhad seo ar an gcéad léamh agus, ar an gcaoi sin, an dara léamh agus idir-réiteach a sheachaint.

¹ IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

Ós amhlaidh atá, chuir an rapóirtéir, Godelieve QUISTHOUDT-ROWOHL (EPP, DE), leasú comhréitigh (leasú 17) ar an togra le haghaidh Rialacháin i láthair thar ceann an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta.

Thíolaic an Coiste dhá leasú iad féin (leasú 18 agus leasú 19) le go gcuirfí ráiteas ón bParlaimint, agus ráiteas ón gCoimisiún i gceangal le rún reachtach na Parlaiminte.

Thángthas ar chomhaontú maidir leis na leasuithe sin le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas. Níor cuireadh síos aon leasú eile.

II. VÓTÁIL

Nuair a caitheadh vóta ar an 16 Eanáir 2019, ghlac an seisiún iomlánach an leasú comhréitigh (leasú 17) ar an togra le haghaidh Rialacháin chomh maith le leasú 18 agus leasú 19 le go gcuirfí na ráitis i gceangal le rún reachtach na Parlaiminte². Níor glacadh aon leasuithe eile. Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo³.

Léirítear le seasamh na Parlaiminte an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh na Parlaiminte a fhormheas.

Ansin, d'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Parlaiminte.

² Féach leathanach 45 den doiciméad seo.

³ Táthar tar éis an leagan sin de sheasamh na Parlaiminte atá sa rún reachtach a mharcáil d'fhonn na hathruithe a rinneadh, de bharr na leasuithe a cuireadh ar an togra ón gCoimisiún, a léiriú. Is le **cló trom agus cló iodálach** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail "■".

Cuótaí rátaí taraife a áirítear i sceideal EDT an Aontais a chionroinnt tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas *I**

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Eanáir 2019 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le taraif-chuótaí a áirítear i sceideal an Aontais i dtaca leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a chionroinnt tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle (COM(2018)0312 – C8-0202/2018 – 2018/0158(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0312),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0202/2018),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 7 Nollaig 2018 go ndéanadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A8-0361/2018),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. ag formheas a ráitis atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith L d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* in éineacht leis an ngníomh reachtach críochnaitheach;
 3. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith L d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* in éineacht leis an ngníomh reachtach críochnaitheach;
 4. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Eanáir 2019 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuótaí rátaí taraife a áirítear i sceideal EDT an Aontais a chionroinnt tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS *EORPAIGH*,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais *Eorpaigh*, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach⁴,

⁴ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Eanáir 2019.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 29 Márta 2017, **■** thíolaic an Ríocht Aontaithe *fógra faoina hintinn tarraingt siar ón Aontas de bhun* Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach **■** (CAE). *Scoirfidh CAE agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (is "na Conarthaí" a thugtar orthu go cineálach) d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe um tharraingt siar nó, ina éagmais sin, dhá bhliain tar éis an fhógra sin, eadhon ón 30 Márta 2019, ach amháin má chinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, an tréimhse sin a fhadú.*
- (2) *Tá sa chomhaontú um tharraingt siar, mar a comhaontaíodh é idir na hidirbheartaithe, na socruithe chun forálacha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe thar an dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe. Má thagann an comhaontú sin i bhfeidhm, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle⁵ maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe le linn na hidirthréimhse i gcomhréir leis an gcomhaontú sin agus scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige ag deireadh na tréimhse sin.*

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 an 17 Nollaig 1999 ón gComhairle lena n-osclofar taraif-chuótaí Comhphobail a cheanglaítear le CGTT agus taraif-chuótaí Comhphobail áirithe eile agus lena ndéanfar foráil maidir lena riar agus lena mbunaítear rialacha mionsonraithe le haghaidh na cuótaí a choigeartú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1808/95 ón gComhairle (IO L 5, 8.1.2000, lch. 1).

- (3) Beidh tionchar ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas ar an gcaidreamh a bheidh ag an Ríocht Aontaithe agus ag an Aontas le tríú páirtithe, go háirithe i gcomhthéacs na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) dá bhfuil an dá pháirtí ina mbaill bhunaidh. ***Ós rud é go raibh caibidlíocht maidir leis an tarraingt siar sin ar siúl ag an am céanna leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI), agus ag cur san áireamh an sciar atá dírithe ar an earnáil talmhaíochta in CAI, d'fhéadfadh sé tarlú go gcuirfí an earnáil sin i mbaol mór.***
- (4) Le litir an 11 Deireadh Fómhair 2017, chuir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in iúl do Bhaill eile EDT go raibh sé ar intinn acu go ndéanadh an Ríocht Aontaithe, ar fhágáil an Aontais di, a cuid oibleagáidí reatha mar Bhallstát de chuid an Aontais a mhacasamhlú, a mhéid is féidir léi, ina sceideal nua lamháltas agus ceangaltas leithleach maidir le trádáil in earraí. Mar sin féin, ó tharla, i dtaca le ceangaltais chainníochtúla, nach modh iomchuí é an macasamhlú, chuir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in iúl do Bhaill eile EDT go raibh sé ar intinn acu a áirithiú go ndéanfaí na leibhéil reatha rochtana margaidh atá ag Baill eile EDT a choinneáil trí chuótaí rátaí taraife an Aontais a chionroinnt idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

- (5) I gcomhréir le rialacha EDT, ní mór an chionroinnt sin a dhéanfar ar chuótaí rátaí taraife atá mar chuid de sceideal lamháltas agus ceangaltas an Aontais a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil, 1994 (CGTT 1994). Dá bhrí sin, rachaidh an tAontas, tar éis réamhtheagmhálacha a dhéanamh, i mbun caibidlíochta le Baill EDT a bhfuil príomhleas soláthair nó leas substaintiúil soláthair acu nó a bhfuil ceart caibidlíochta tosaigh acu i dtaca le gach ceann de na cuótaí rátaí taraife sin. ***Ba cheart raon feidhme na caibidlíochta sin a theorannú agus níor cheart í a leathnú ar dhóigh ar bith chun go ndéanfaí athchaibidlíocht ar na téarmaí ginearálta maidir leis an rochtain atá ag táirgí ar mhargadh an Aontais, nó méid na rochtana atá ag táirgí ar mhargadh an Aontais.***
- (6) I bhfianaise na dteorainneacha ama a fhorchuirtear ar an bpróiseas sin leis an gcaibidlíocht faoi tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, áfach, d'fhéadfadh sé nach dtabharfaí i gcrích comhaontuithe leis na Baill EDT go léir lena mbaineann maidir leis na cuótaí rátaí taraife go léir ar an dáta a scoirfidh ***sceideal EDT lamháltas agus ceangaltas an Aontais maidir le trádáil in earraí*** d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe. I bhfianaise an ghá atá ann an deimhneacht dhlíthiúil agus oibriú rianúil leanúnach allmhairí a thugtar isteach san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe, faoi réir na gcuótaí rátaí taraife, a áirithiú, is gá don Aontas a bheith in ann dul ar aghaidh go haontaobhach agus na cuótaí rátaí taraife a chionroinnt. Ba cheart don mhodheolaíocht a úsáidfear a bheith i gcomhréir le ceanglais Airteagal XXVIII de CGTT 1994.

- (7) Ba cheart an mhodheolaíocht seo a leanas a úsáid dá bhrí sin: mar chéad chéim, ba cheart cion úsáide na Ríochta Aontaithe do gach cuóta ráta taraife aonair a bhunú. Is é atá sa chion sin, arna shloinneadh mar chéatadán, ná cion na Ríochta Aontaithe d'allmhairí iomlána an Aontais faoin gcuóta ráta taraife thar thréimhse ionadaíoch dheireanach trí bliana. Ba cheart an cion sin a chur i bhfeidhm ansin maidir le méid iomlán an chuóta ráta taraife sceidealta, ***agus aon tearcúsáid a bhaineann leis á cur san áireamh***, chun cion na Ríochta Aontaithe de chuóta ráta taraife ar leith a ríomh. Is é a bheadh i gcion an Aontais ansin ná fuilleach an chuóta ráta taraife atá i dtrácht. Is é an bhrí atá leis sin nach n-athraítear an méid iomlán de chuóta ráta taraife ar leith, is é sin le rá go bhfuil méid AE27 comhionann le méid reatha AE28 lúide méid na Ríochta Aontaithe). Ba cheart na sonraí foluiteacha a bhaint ó bhunachair sonraí ábhartha an Choimisiúin.
- (8) ***Bhunaigh agus chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe an mhodheolaíocht maidir le sciar úsáide gach cuóta ráta taraife aonair, i gcomhréir le ceanglais Airteagal XXVIII de CGTT 1994, agus dá bhrí sin, ba cheart an mhodheolaíocht sin a choinneáil go hiomlán chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach í.***

- (9) Sna cásanna sin nach bhfacthas aon trádáil i ndáil le cuóta ráta taraife sonrach thar an tréimhse ionadaíoch, ba cheart úsáid a bhaint as dhá chur chuige mhalartacha chun cion úsáide na Ríochta Aontaithe a bhunú. Sna cásanna sin inarb ann do chuóta ráta taraife eile a bhfuil sainiú táirge comhionann air, ba cheart cion úsáide an chuóta ráta taraife chomhionann sin a chur i bhfeidhm ar an gcuóta ráta taraife nach bhfacthas aon trádáil ann thar an tréimhse ionadaíoch. Sna cásanna sin nach ann do chuóta ráta taraife a bhfuil sainiú táirge comhionann air, ba cheart an fhoirmle chun an cion úsáide a ríomh a chur i bhfeidhm ar allmhairí an Aontais sna línte taraifí comhfhreagracha lasmuigh den chuóta ráta taraife.
- (10) Maidir leis na cuótaí rátaí taraife talmhaíochta lena mbaineann, le hAirteagail 184 go 188 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 *ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*⁶, *foráiltear* an bunús dlí is gá chun na **cuótaí rátaí taraife** a riar tar éis iad a bheith cionroinnte de réir an Rialacháin seo. *I dtaca leis seo, leagtar amach cainníochtaí na gcuótaí rátaí taraife lena mbaineann i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart an riarachán sin a dhéanamh, dá bhrí sin, agus aird chuí á tabhairt do chuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta, mar a leagtar síos é in CFAE, agus don ilfheidhmiúlacht atá ag gníomhaíochtaí talmhaíochta.* Maidir leis na **cuótaí rátaí taraife** lena gcumhdaítear *formhór* táirgí iascaigh, táirgí tionsclaíocha agus táirgí talmhaíochta próiseáilte áirithe, déantar riarachán **na** gcuótaí rátaí taraife de bhun Rialachán (AE) Uimh. 32/2000. Leagtar amach cainníochtaí **na** gcuótaí rátaí taraife i dtrácht in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin agus ba cheart na cainníochtaí sin a leagtar amach i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a chur in ionad na hIarscríbhinne sin. *Tá ceithre* chuótaí ráta taraife *iascaigh nach ndéantar a riar faoi Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ach faoi Rialachán (CE) Uimh. 847/2006 ón*

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72 ón gComhairle, Rialachán (CEE) Uimh. 234/79 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1037/2001 ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

gCoimisiún⁷, lena gcuirtear Cinneadh 2006/324/CE ón gComhairle⁸ i bhfeidhm. Leagtar amach cainníochtaí na gcuótaí rátaí taraife lena mbaineann i gCuid C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun forálacha Rialachán (CE) Uimh. 847/2006 maidir leis na ceithre chuóta ráta taraife iascaigh a oiriúnú i gcomhréir leis na cainníochtaí cionroinnte a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹.

⁷ Rialachán (CE) Uimh. 847/2006 an 8 Meitheamh 2006 ón gCoimisiún lena n-osclofar agus lena ndéanfar foráil maidir le taraif-chuótaí Comhphobail d'iasc áirithe ullmhaithe nó leasaithe a riar (IO L 156, 9.6.2006, lch. 8).

⁸ Cinneadh 2006/324/CE ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích i bhfoirm Malartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXIV:6 agus Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994 maidir leis na lamháltais i sceidil Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice a mhodhnú le linn a n-aontachais leis an Aontas Eorpach (IO L 120, 5.5.2006, lch. 17).

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (11) Chun a chur san áireamh go raibh caibidlíocht le Baill EDT dá ndéanfar difear ar siúl i gcomhthráth leis an ngnáthnós imeachta reachtach chun an Rialachán seo a ghlacadh, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar Chodanna A agus C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i dtaca le cainníochtaí na gcuótaí rátaí taraife cionroinnte a liostaítear iontu, chun go gcuirfear san áireamh aon chomhaontuithe a thabharfar i gcrích nó aon fhaisnéis ábhartha a d'fhéadfadh sé a fháil i gcomhthéacs na caibidlíochta sin a léireodh go mbeadh coigeartú ar chionroinnt na dtaraif-chuótaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ag teastáil mar gheall ar fhachtóirí sonracha nach raibh eolas aige orthu roimhe sin, ***agus comhsheasmhacht leis an modheolaíocht chomhchoiteann a comhaontaíodh go comhpháirteach leis an Ríocht Aontaithe á háirithiú san am céanna.*** Ba cheart an chumhacht cin gníomhartha a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i gcás ina dtiocfar ar fhaisnéis ábhartha ***ó fhoinsí eile a bhfuil suim acu i*** gcuóta ráta taraife ***ar leith. Ina theannta sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 a leasú chun an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú.***

- (12) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, agus i bhfianaise tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, is gá agus is iomchuí go leagfar síos rialacha maidir le cuótaí rátaí taraife a chionroinnt a áirítear i sceideal an Aontais i dtaca leis an EDT. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de CAE.
- (13) ***I gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle¹⁰, tiocfaidh deireadh le feidhm gníomhartha atá socraithe ar dháta ar leith ar dhul in éag uair dheireanach an lae ar an dáta sin. Ba cheart, dá bharr sin, feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón lá i ndiaidh an lae a thiocfaidh deireadh le feidhm Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 maidir leis an Ríocht Aontaithe, mar gur gá don Aontas Eorpach agus don Ríocht Aontaithe araon a fhios a bheith acu ón lá sin ar aghaidh cad iad na hoibleagáidí a bheidh orthu maidir leis an EDT. Ba cheart, áfach, go mbeadh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo lena leagtar amach tarmligeán na cumhachta agus tabhairt na gcumhachtaí cur chun feidhme ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.***
- (14) ***Á chur san áireamh na ceanglais nós imeachta atá ag an ngnáthnós imeachta reachtach agus an gá le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina dhiaidh sin chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ar thaobh amháin, agus an riachtanas go mbeadh na cuótaí rátaí taraife cionroinnte ann agus réidh le cur i bhfeidhm ag an nóiméad nach gcumhdódh sceideal lamháltas agus ceangaltas an Aontais an Ríocht Aontaithe a thuilleadh, a d'fhéadadh a bheith chomh luath le 30 Márta 2019, ar an taobh eile, tá sé riachtanach go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm a luaithe is féidir,***

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

¹⁰ Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena sonraítear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1).

Airteagal 1

- I.** Déanfar na cuótaí rátaí taraife a áirítear i sceideal lamháltas agus ceangaltas an Aontais a ghabhann leis an gComhaontú Ginearálta um Tharaifi agus Trádáil, 1994 (“CGTT 1994”) a chionroinnt ar an Aontas Eorpach agus ar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (“an Ríocht Aontaithe”) **i gcomhréir leis an modheolaíocht** seo a leanas:
- (a) ***déanfar cion úsáide an Aontais d’allmhairí, arna shloinneadh mar chéatadán, do gach*** cuóta ráta taraife ***ar leith a bhunú, thar thréimhse ionadaíoch dheireanach trí bliana;***
 - (b) ***déanfar cion úsáide an Aontais d’allmhairí, arna shloinneadh mar chéatadán, a chur i bhfeidhm maidir le méid iomlán na gcuótaí rátaí taraife sceidealta chun a chion i dtéarmaí méideanna de chuóta ráta taraife ar leith a ríomh;***

(c) *maidir le cuótaí rátaí taraife aonair nach féidir aon trádáil a fheiceáil ina leith le linn na tréimhse ionadaíche mar a leagtar síos i bpointe (a), ina ionad sin, déanfar cion an Aontais a bhunú, tríd an nós imeachta atá leagtha síos i bpointe (b) a leanúint, ar bhonn chion úsáide an Aontais d'allmhairí, arna shloinneadh mar chéatadán, de chuóta ráta taraife sonracha eile a bhfuil an saineáirge ceannann céanna air, nó sna línte taraifí comhfhreagracha lasmuigh den chuóta ráta taraife.*

2. *Is mar seo a leanas a bheidh cion an Aontais de na cuótaí rátaí taraife dá dtagraítear i mír 1 a eascraíonn as cur i bhfeidhm na modheolaíochta dá dtagraítear sa mhír sin:*

(a) *maidir le cuótaí rátaí taraife i leith táirgí talmhaíochta, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn;*

(b) *maidir le cuótaí rátaí taraife i leith táirgí iascaigh, táirgí tionsclaíocha agus táirgí talmhaíochta próiseáilte áirithe, mar a leagtar amach i gCodanna B agus C den Iarscríbhinn.*

Airteagal 2

*Agus comhsheasmhacht leis an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 1(1) á háirithiú agus, go háirithe, á áirithiú nach rachaidh an rochtain ar an margadh isteach san Aontas arna chomhdhéanamh tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe thar an méid atá léirithe i sciar na sreafaí trádála le linn na tréimhse ionadaíche, tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 3 chun **Codanna A agus C den** Iarscríbhinn a leasú*
■ chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- (a) aon chomhaontú idirnáisiúnta a thabharfaidh an tAontas i gcrích faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 a bhaineann leis na cuótaí rátaí taraife dá dtagraítear sna codanna sin den Iarscríbhinn ; agus
- (b) aon fhaisnéis ábhartha a d'fhéadfadh sé a fháil i gcomhthéacs na caibidlíochta faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 *nó ó fhoinsí eile a bhfuil suim acu i gcuóta ráta taraife ar leith.*

Airteagal 3

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse **cúig** bliana amhail ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. **Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.**
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach **an 13 Aibreán 2016** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹¹.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa

¹¹ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***dhá mhí*** ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.



Airteagal 4

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun coigeartú a dhéanamh, i gcomhréir le Cuid C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, ar mhéideanna na gcuótaí rátaí taraife a osclaíodh agus a bainistíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 847/2006. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(2).

Airteagal 5

- 1. Déanfaidh an Coiste um Chód Custaim, a bunaíodh le hAirteagal 285(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.*
- 2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.*

¹² Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

Airteagal 6

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 mar a leanas:

(1) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

“Airteagal 10a

*Chun críche cuótaí rátaí taraife a áirítear i sceideal lamháltas agus ceangaltas an Aontais a chionroinnt tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, agus comhsheasmhacht leis an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) xxx/xxx** á háirithiú agus, go háirithe, á áirithiú nach rachaidh an rochtain ar an margadh isteach san Aontas arna chomhdhéanamh tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe thar an méid atá léirithe i sciar na sreafaí trádála le linn na tréimhse ionadaíche, tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10b chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:*

(a) aon chomhaontú idirnáisiúnta a thabharfaidh an tAontas i gcrích faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994, a bhaineann leis na cuótaí rátaí taraife dá dtagraítear in Iarscríbhinn I; agus

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 71/18 (2018/0158(COD)) agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin..

- (b) *aon fhaisnéis ábhartha a d'fhéadfadh sé a fháil i gcomhthéacs na caibidlíochta faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 nó ó fhoinsí eile a bhfuil suim acu i gcuóta ráta taraiife ar leith.*

Airteagal 10b

1. *Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.*
2. *Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10a a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ó ...[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.*

3. *Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 10a a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.*
4. *Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr**.*
5. *A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.*
6. *Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10a i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.*

* Rialachán (AE) 2018/.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le cuótaí rátaí taraife a áirítear i sceideal EDT an Aontais a chionroinnt tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle (IO ...).

** IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.”

**** IO L 123, 12.5.2016, lch. 1."**

- (2) *déantar an téacs atá i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a chur in ionad Iarscríbhinn I.***

Airteagal 7

- 1. *Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.***
- 2. *Beidh feidhm ag Airteagail 1(2) agus 6(2) ón lá tar éis an lae a scoirfidh Rialachán (AE) Uimh. 32/2000 d'fheidhm a bheith aige maidir leis na Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.***
- 3. *Beidh feidhm ag Airteagail seachas iad sin dá dtagraítear i mír 2 ó lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.***

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/i/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

Cuid A

Tuairisc ar an Táirge	Aonad	Cainníocht sceidealaith e AE28	Tír ¹³	Sraithuimhir	Cion EU27 in úsáid ¹⁴	Méid TRQ - AE27
Bó-ainmhithe beo	ceann	710	EO ¹⁵	090114	100%	710
Bó-ainmhithe beo	ceann	711	EO	090115	100%	711
Bó-ainmhithe beo	ceann	24 070	EO	090113	100%	24 070
Feoil bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite Scairteach inite bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an táirge)	7 150	AUS	094451	34.7%	2 481
Feoil ardcháilíochta ar an gcnámh nó gan chnámha	t (meáchan an táirge)	17 000	ARG	094450	99.6%	16 936
Feoil ardcháilíochta bó-ainmhithe gan chnámha, úr nó fuaraithe	t (meáchan an táirge)	12 500			99.6%	12 453
Feoil ardcháilíochta ar an gcnámh nó gan chnámha	t (meáchan an táirge)	2 300	URY	094452	87.9%	2 022
Feoil ardcháilíochta bó-ainmhithe gan chnámha, úr nó fuaraithe	t (meáchan an táirge)	4 076			87.9%	3 584
Feoil bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite Scairteach inite bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an táirge)	11 500	USA / CAN	094002	99.8%	11 481
Feoil ardcháilíochta bó-ainmhithe, úr,	t		PAR	094455	71.1%	711

¹³ Chun cóid oifigiúla tíortha a fháil, téigh chuig:
http://www.nationsonline.org/oneworld/country_code_list.htm

¹⁴ Chun cion EU27 in úsáid a chur i láthair, slánaíodh an céatadán suas go dtí an chéad ionad de dheachúlacha. Déantar méid chuótaí rátaí taraife AE27 a ríomh, áfach, bunaithe ar an gcéatadán cruinn.

¹⁵ EO = erga omnes

Tuairisc ar an Táirge	Aonad	Cainníocht sceidealaithe AE28	Tír ¹³	Sraithuimhir	Cion EU27 in úsáid ¹⁴	Méid TRQ - AE27
fuairithe nó reoite						
Feoil ardcháilíochta bó-ainmhithe, úr, fuairithe nó reoite	t	1 300	NZL	094454	65.1%	846
